II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2191 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Nollaig 2021

lena n-údaraítear plandaí úra *Wolffia arrhiza* agus/nó *Wolffia globosa* a chur ar an margadh mar bhia traidisiúnta ó thríú tír faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus a áirítear ar liosta an Aontais a chur ar an margadh laistigh den Aontas. Is bia núíosach é bia traidisiúnta ó thríú tír faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2)(c) de Rialachán (AE) 2015/2283.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2468 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos ceanglais riaracháin agus eolaíoch maidir le bianna traidisiúnta ó thríú tíortha.

(3) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([3]) lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe.

(4) An 7 Meán Fómhar 2020, chuir an chuideachta GreenOnyx Ltd. ("an t-iarratasóir") fógra faoi bhráid an Choimisiúin go raibh rún aici plandaí úra *Wolffia arrhiza* agus *Wolffia globosa* a chur ar mhargadh an Aontais mar bhia traidisiúnta ó thríú tír i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2015/2283. D'iarr an t-iarratasóir go n-úsáidfeadh an pobal i gcoitinne plandaí úra *Wolffia arrhiza* agus *Wolffia globosa* sa riocht sin.

(5) De bhun Airteagal 7(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2468, d'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise ar an iarratasóir maidir leis na ceanglais a bhain le bailíocht an fhógra. An fhaisnéis a iarradh, cuireadh an fhaisnéis sin isteach an 16 Deireadh Fómhair 2020.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2468 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena leagtar síos ceanglais riaracháin agus eolaíoch maidir le bianna traidisiúnta ó thríú tíortha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 55).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

(6) Léiríonn na sonraí a chuir an t-iarratasóir i láthair go bhfuil stair úsáid an bhia shláin ag plandaí úra *Wolffia arrhiza* agus/nó *Wolffia globosa* san Áise Thoir Theas, go háirithe i Laos, i Maenmar/Burma agus sa Téalainn.

(7) De bhun Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2015/2283, an 20 Eanáir 2021, chuir an Coimisiún an fógra bailí ar aghaidh chuig na Ballstáit agus chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás").

(8) Maidir le plandaí úra *Wolffia arrhiza* agus *Wolffia globosa* a chur ar an margadh laistigh den Aontas, níor cuireadh aon agóidí cuí-réasúnaithe i dtaobh sábháilteachta faoi bhráid an Choimisiúin ó na Ballstáit nó ón Údarás laistigh den tréimhse 4 mhí a leagtar síos in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2015/2283.

(9) An 30 Meitheamh 2021, d'fhoilsigh an tÚdarás a '*Technical Report on the notification of fresh plants of* Wolffia arrhiza *and* Wolffia globosa *as a traditional food from a third country pursuant to Article 14 of Regulation (EU) 2015/2283*' ("Tuarascáil Theicniúil maidir le fógra a thabhairt i leith plandaí úra *Wolffia arrhiza* agus *Wolffia globosa* mar bhia traidisiúnta ó thríú tír de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2015/2283"] ([4]). Chinn an tÚdarás nach bhfuil ábhar imní sábháilteachta sna sonraí atá ar fáil maidir le comhdhéanamh agus stair úsáide phlandaí úra *Wolffia arrhiza* agus *Wolffia globosa* ná sna sonraí a cuireadh ar fáil maidir leis an mbia traidisiúnta a shaothraítear faoi dhálaí na feirmeoireachta ingearaí de réir mar a thuairiscítear san fhógra iad.

(10) Sa tuarascáil sin, thug an tÚdarás dá aire go bhfuil tionchar láidir ag dálaí comhshaoil na n-uiscí ina bhfástar plandaí *Wolffia arrhiza* agus *Wolffia globosa* ar shábháilteacht na bplandaí úra sin. Dá bhrí sin, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh miotail throma agus micricistíní a bheith sna plandaí úra sin. Ina theannta sin, na leibhéil áirithe riandúl atá sna plandaí, amhail copar, molaibdéineam, sinc, bórón agus mangainéis, a d'fhéadfadh a bheith iontu de bharr úsáid leasachán i saothrú plandaí úra *Wolffia arrhiza* agus *Wolffia globosa*, d'fhéadfadh na riandúile sin a bheith ina n-ábhar imní sábháilteachta ó thaobh sláinte an duine de. Is iomchuí, dá bhrí sin, uasleibhéil a bhunú maidir le miotail throma, micricistíní, copar, molaibdéineam, sinc, bórón agus mangainéis i sonraíochtaí an bhia thraidisiúnta sin i liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún údarú a thabhairt chun plandaí úra *Wolffia arrhiza* agus/nó *Wolffia globosa* a chur ar an margadh laistigh den Aontas sa riocht sin, agus liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe a nuashonrú dá réir sin.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(1) Na plandaí úra *Wolffia arrhiza* agus/nó *Wolffia globosa*, mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, áireofar iad mar bhia traidisiúnta ó thríú tír i liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe a bunaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

(2) An iontráil i liosta an Aontais dá dtagraítear i mír 1, áireofar inti na coinníollacha úsáide agus na sonraíochtaí a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([4]) EFSA Supporting Publications, https://doi.org/10.2903/sp.efsa.2021.EN-6658.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Nollaig 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(1) Cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe):

"Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid		Ceanglais shonracha bhreise maidir le lipéadú	Ceanglais eile
Plandaí úra *Wolffia arrhiza* agus/nó *Wolffia globosa* (Bia traidisiúnta ó thríú tír)	Catagóir shonraithe bhia	Uasleibhéil	Maidir leis an mbia núíosach a ainmniú ar lipéadú na n-earraí bia ina bhfuil sé, is é '*Wolffia arrhiza* agus *Wolffia globosa*' nó'*Wolffia arrhiza*' nó '*Wolffia globosa*' an t-ainmniú a bheidh air, de réir an phlanda a úsáidtear."	
	Plandaí úra *Wolffia arrhiza* agus/nó *Wolffia globosa* sa riocht sin			

(2) Cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i dTábla 2 (Sonraíochtaí):

"Bia Núíosach Údaraithe	Sonraíochtaí
Plandaí úra *Wolffia arrhiza* agus/nó *Wolffia globosa* (Bia traidisiúnta ó thríú tír)	**Tuairisc/Sainmhíniú:** Is é atá sa bhia traidisiúnta plandaí úra *Wolffia arrhiza* (L.) Horkel ex Wimm. agus/nó *Wolffia globosa* (Roxb.) Hartog & Plas (fine: Araceae). **Critéir mhicribhitheolaíoch:** Áireamh coilíneachtaí aeróbacha: < 10^3 CFU/g Áireamh iomlán an ghiosta agus an mhúscáin: < 100 CFU/g *Enterobacteriaceae* iomlán: < 100 CFU/g *Escherichia coli*: < 100 CFU/g *Salmonella*: Gan bheith ann i 25 g *Listeria monocytogenes*: Gan bheith ann i 25 g *Staphylococcus aureus*: Gan bheith ann/10 g **Miotail throma:** Luaidhe: < 0,3 mg/kg Arsanaic (neamhorgánach): < 0,10 mg/kg Caidmiam: < 0,2 mg/kg Cróimiam: < 1 mg/kg Mearcair: < 0,10 mg/kg **Riandúile:** Copar: < 0,8 mg/kg Molaibdéineam: < 0,3 mg/kg

	Sinc: < 5 mg/kg Bórón: < 5 mg/kg Mangainéis: < 6 mg/kg **Cianatocsainí:** Micricistiní: 0,006 µg/g **Lotnaidicídí:** Leibhéil lotnaidicíde i gcomhréir le Códuimhir 0254000 ('Foghrúpa (d) biolair uisce' sa ghrúpa Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite) a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([1]).

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1)."

(*) CFU: Colony Forming Units [Aonaid Déanta Coilíneachta]